Comhairle AE

PRESS GA

**PREASEISIÚINT**
904/15
08/12/2015

# Na chéad rialacha uile-Aontais chun feabhas a chur ar an gcibearshlándáil: margadh le PE

An 7 Nollaig 2015, tháinig Uachtaránacht Lucsamburg ar an gComhairle ar chomhaontú neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa maidir le rialacha comhchoiteanna chun **an tslándáil líonra agus faisnéise** (NIS) ar fud an Aontais a neartú.

Sa treoir nua leagfar oibleagáidí cibearshlándála ar **oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha** agus ar **sholáthraithe seirbhísí digiteacha**. Beidh sé de cheangal ar na hoibreoirí sin bearta a dhéanamh chun cibear-rioscaí a bhainistiú agus teagmhais slándála a thuairisciú ach beidh an dá chatagóir faoi réir réimis éagsúla.

Dúirt Xavier Bettel, Príomh-Aire Lucsamburg agus Aire Cumarsáide agus na Meán, agus Uachtarán na Comhairle: "Is céim thábhachtach é seo i dtreo cur chuige níos comhordaithe don chibearshlándáil ar fud na hEorpa. Beidh ar na gníomhaithe go léir, idir phoiblí agus phríobháideach, dlús a chur lena gcuid iarrachtaí, go háirithe trí chomhar méadaithe idir na Ballstáit agus ceanglais fheabhsaithe slándála ar oibreoirí bonneagair agus ar sheirbhísí digiteacha".

## Rialacha níos déine maidir le hoibreoirí bunriachtanacha

Liostaítear roinnt **earnálacha criticiúla** sa Treoir, a bhfuil oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha gníomhach iontu, amhail earnálacha an fhuinnimh, an iompair, an airgeadais agus na sláinte. Laistigh de na hearnálacha sin, déanfaidh na Ballstáit na hoibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí bunriachtanacha a shainaithint, bunaithe ar na critéir shoiléire atá leagtha amach sa Treoir. Beidh ceanglais agus maoirseacht níos láidre i gceist do na hoibreoirí sin ná mar a bheidh do sholáthraithe seirbhísí digiteacha. Is teist é sin ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don tsochaí agus don gheilleagar dá mbeadh briseadh ar bith sna seirbhísí acu.

## Córas níos aonfhoirmí do sholáthraithe seirbhísí digiteacha

Cumhdófar na seirbhísí digiteacha a leanas leis an Treoir**: ardáin r-thráchtála, innill cuardaigh agus seirbhísí néalríomhaireachta**.

Is iondúil go mbíonn soláthraithe seirbhísí digiteacha gníomhach in a lán Ballstát. Chun a áirithiú gur mar a chéile a chaithfear leo ar fud an Aontais, beidh feidhm ag na rialacha maidir leis na hoibreoirí uile a sholáthraíonn seirbhísí den sórt sin, seachas cuideachtaí beaga.

## Creataí náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic le cibearbhagairtí

Beidh sé de cheangal ar gach tír san Aontas údarás náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú agus straitéis a leagan amach chun saincheisteanna maidir le cibearshlándáil a láimhseáil.

Cuirfidh na Ballstáit freisin dlús lena gcomhar maidir le cibearshlándáil. Bunófar grúpa comhair ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar straitéiseach agus chun na cleachtais is fearr a mhalartú i measc na mBallstát. Bunófar líonra náisiúnta d'fhoirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí - (CSIRTanna) chun an comhar oibríochtúil a chur chun cinn. Táthar ag súil go gcuideoidh siad araon le muinín agus iontaoibh a fhorbairt idir na Ballstáit.

## Spriocdhátaí

Beidh 21 mhí ag na Ballstáit, ón lá a dtiocfaidh an Treoir i bhfeidhm, chun na forálacha náisiúnta riachtanacha a ghlacadh. Tar éis na tréimhse sin, beidh 6 mhí eile ag na Ballstáit chun a gcuid oibreoirí seirbhísí riachtanacha a shainaithint.

## Conas a dhéanfar dlí de?

A mhéid a bhaineann leis an gComhairle, tá an margadh fós le deimhniú ag na Ballstáit. Tíolacfaidh an Uachtaránacht an téacs a comhaontaíodh lena fhormheas ag ambasadóirí na mBallstát i gCoiste na mBuanionadaithe (COREPER) an 18 Nollaig. Chun an

nós imeachta a thabhairt i gcrích, ní mór don Chomhairle agus don Pharlaimint é a ghlacadh go foirmiúil.

- Cibearshlándáil a fheabhsú ar fud an Aontais

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press